Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11573/25**
**COR 1**

**DRS 70**
**DELACT 103**
**SIMPL 82**
**ANTICI 92**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4812 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 11.7.2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe |

Ba cheart gurb iad seo a leanas cóid ábhair ST 11573/25 INIT:

DRS 70

DELACT 103

SIMPL 82

ANTICI 92

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2025
C(2025) 4812 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.7.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I dtuarascáil Mario Draghi maidir le 'Todhchaí Iomaíochas na hEorpa'[1], chuir sé i dtábhacht gur gá don Aontas Eorpach tírdhreach rialála a chruthú lena n-éascófar an t-iomaíochas agus an athléimneacht, agus tharraing sé aird ar na costais i dtaca le hualach agus comhlíonadh a cruthaíodh le Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach' nó 'TTCI'[2] i measc píosaí eile reachtaíochta. I nDearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa[3], d'iarr Cinn Stáit agus Cinn Rialtais an Aontais 'réabhlóid simpliúcháin a sheoladh lena n-áiritheofar creat rialála soiléir, simplí agus cliste do ghnólachtaí agus lena ndéanfar laghdú suntasach ar ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe, go háirithe do FBManna'. D'iarr siad ar an gCoimisiún tograí coincréiteacha a dhéanamh chun ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 % ar a laghad sa chéad leath de 2025.

I dTeachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach'[4], dheimhnigh an Coimisiún go molfadh sé an chéad 'Phacáiste Simpliúcháin Omnibus', lena n-áireofaí simpliú forleathan i réimsí an tuairiscithe airgeadais inbhuanaithe, an díchill chuí inbhuanaitheachta agus na tacsanomaíochta. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Eoraip níos simplí níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú'[5], leag an Coimisiún clár oibre cur chun feidhme agus simpliúcháin amach lena gcuirtear feabhsuithe tapa infheicthe ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí ar an láthair, clár oibre lena n-éilítear níos mó ná cur chuige incriminteach agus lena gcuirtear i dtábhacht an gá le gníomhaíocht cheannasach chun rialacha an Aontais, rialacha náisiúnta agus rialacha réigiúnacha a chuíchóiriú agus a shimpliú.

Tháinig TTCI i bhfeidhm an 5 Eanáir 2023. Leis an treoir rinneadh na ceanglais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach a neartú agus a nuachóiriú trí mhodhnuithe ar Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir Chuntasaíochta')[6], Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir um Thrédhearcacht')[7], Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

1 'Todhchaí Iomaíochas na hEorpa', Meán Fómhair 2024.

2 Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

3 Dearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa, an 8 Samhain 2024.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM (2025) 30 final: Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM (2025) 47 final: Eoraip níos simplí níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú.

6 Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

7 Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (*IO L 390, 31.12.2004, lch. 38,* ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj).

gComhairle ('an Treoir Iniúchóireachta')[8] agus ar Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán Iniúchóireachta')[9]. Is eilimint thábhachtach den Chomhaontú Glas don Eoraip[10] agus den Phlean Gníomhaíochta um Maoiniú Inbhuanaithe[11] é TTCI. Is é is aidhm don Treoir sin a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ag infheisteoirí chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhfuil gnóthais infheistiúcháin neamhchosanta orthu de bharr an athraithe aeráide agus saincheisteanna inbhuanaitheachta eile, agus chun na rioscaí sin a bhainistiú. Tá sé d'aidhm aici freisin a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ag infheisteoirí agus ag páirtithe leasmhara eile maidir leis na tionchair a bhíonn ag gnóthais ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Ar an gcaoi sin, cuireann sí leis an gcobhsaíocht airgeadais agus leis an tsláine comhshaoil. Is coinníoll riachtanach é sin chun go mbeidh acmhainní airgeadais ag dul chuig gnóthais a mbíonn spriocanna inbhuanaitheachta á saothrú acu, agus cruthaítear leis cuntasacht agus trédhearcacht bhreise ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara uile a mhéid a bhaineann le feidhmíocht inbhuanaitheachta gnóthas.

Le TTCI, ceanglaítear ar ghnóthais atá faoin raon feidhme faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú i gcomhréir leis na Caighdeáin Eorpacha maidir le Tuairisciú um Inbhuanaitheacht (ESRS), a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún[12]. Tá na ESRSanna sin il-oiriúnach ó thaobh earnála de, rud a chiallaíonn go bhfuil siad le cur i bhfeidhm ag gach gnóthas faoin raon feidhme, go neamhspleách ar earnáil an gheilleagair ina n-oibríonn an gnóthas.

Chun cuidiú le gnóthais dul in oiriúint don chóras tuairiscithe nua, sonraítear sa chéad sraith de ESRSanna go ndéantar cuid de na ceanglais tuairiscithe a chéimniú isteach le himeacht ama[13]. Ciallaíonn sé sin, i gcás cuid den fhaisnéis nach mór do ghnóthais a thuairisciú, nach gá í a thuairisciú ach ón dara bliain nó ón tríú bliain a chuireann siad na caighdeáin i bhfeidhm. Tá feidhm ag cuid de na forálacha céimnithe isteach sin maidir leis na gnóthais uile a thagann faoi raon feidhme TTCI agus níl feidhm ag cuid acu ach amháin maidir le gnóthais faoi raon feidhme a bhfuil suas le 750 fostaí acu. Go háirithe, gnóthais a bhfuil suas le 750 fostaí acu, féadfaidh siad, i measc nithe eile, na pointí sonraí uile a fhágáil ar lár ó na caighdeáin thopaicshonracha seo a leanas ar feadh an chéad 2 bhliain a gceanglaítear orthu na caighdeáin a chur i bhfeidhm: ESRS E4 (bithéagsúlacht agus éiceachórais), ESRS S2 (oibrithe sa slabhra luacha), ESRS S3 (pobail dá ndéantar difear) agus ESRS S4 (tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh). Ina theannta sin, féadfaidh siad na pointí sonraí uile ó ESRS S1 (lucht saothair dílis) a fhágáil ar lár don chéad bhliain a gcuireann siad na caighdeáin i bhfeidhm, agus don bhliain sin amháin. Tá coimirce sa chéad sraith de ESRSanna freisin lena bhforáiltear, i gcás ina n-úsáideann gnóthas a bhfuil suas le 750 fostaí aige na díolúintí

---

8 Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla de chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/43/oj).

9 Rialachán (AE) 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (*IO L 158, 27.5.2014, lch. 77,* ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/537/oj).

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'An Comhaontú Glas don Eoraip', COM(2019) 640 final.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Plean Gníomhaíochta: Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú', COM/2018/097 final.

12 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

13 Cuirtear an liosta céimnithe isteach i láthair i bhFoscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772.

sealadacha sin le haghaidh caighdeán topaicshonrach iomlán, nach mór dó, mar sin féin, faisnéis achoimrithe áirithe maidir leis an topaic lena mbaineann a thuairisciú más rud é gur tháinig an gnóthas ar an gconclúid go bhfuil an topaic atá i gceist ábhartha.

Tá sé beartaithe faoi láthair go mbeidh feidhm ag TTCI maidir le gnóthais mhóra, FBManna ag a bhfuil urrúis a liostaítear ar mhargaí rialáilte san Aontas, máthairghnóthais ar ghrúpaí móra, agus eisitheoirí a bhaineann leis na catagóirí gnóthas sin. Déanfar dáta chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe a thugtar isteach le TTCI a chéimniú isteach, de réir na gcatagóirí éagsúla gnóthas. Sa chéad bhabhta, ní mór d'eintitis mhóra leasa phoiblí ag a bhfuil níos mó ná 500 fostaí tuairisciú den chéad uair in 2025 le haghaidh na bliana airgeadais 2024 (gnóthais 'bhabhta a haon')[14]. Sa dara babhta, ní mór do ghnóthais mhóra eile tuairisciú in 2026 le haghaidh na bliana airgeadais 2025 (gnóthais 'bhabhta a dó')[15]. Sa tríú babhta, ní mór do FBManna ag a bhfuil urrúis a liostaítear ar mhargaí rialáilte san Aontas tuairisciú in 2027 le haghaidh na bliana airgeadais 2026, cé go bhfuil an deis acu úsáid a bhaint as an rogha gan bheith páirteach sa tuairisciú le haghaidh na mblianta airgeadais 2026 agus 2027 (gnóthais 'bhabhta a trí')[16]. Sa cheathrú babhta, ní mór do ghnóthais áirithe neamh-AE a dhéanann gnó ar chríoch an Aontais os cionn tairseacha áirithe tuairisciú in 2029 le haghaidh na bliana airgeadais 2028[17].

Tá TTCI á chur chun feidhme faoi láthair i gcomhthéacs casta nua. Tá ardú tagtha ar phraghsanna fuinnimh le haghaidh gnóthais san Aontas mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Tá an comhthéacs geopholaitiúil ag athrú go tapa. An cur chuige éagsúil atá glactha ag roinnt dlínsí móra eile maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach a rialáil, tarraingíonn sé ceisteanna faoi éifeachtaí TTCI ar staid iomaíochta ghnóthais an Aontais. An cumas atá ag an Aontas a luachanna a chaomhnú agus a chosaint, tá sé ag brath, i measc nithe eile, ar acmhainneacht a gheilleagair oiriúnú agus a bheith iomaíoch i gcomhthéacs geopholaitiúil neamhshocair atá naimhdeach uaireanta.

Dá bhrí sin, an 26 Feabhra ghlac an Coimisiún pacáiste tograí 'omnibus', mar a thugtar orthu, arna gceapadh chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthais a laghdú agus chun borradh a chur faoin bhfás agus faoin infheistíocht. Áiríodh leis sin togra[18] chun forálacha áirithe de TTCI

14 Chomh maith le heintitis leasa phoiblí ar máthairghnóthais iad ar ghrúpa mór ag a bhfuil níos mó ná 500 fostaí, ar mhaithe le tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite. Is é an sainmhíniú ar 'Eintitis Leasa Phoiblí' in Airteagal 2 pointe (1) den Treoir Chuntasaíochta gnóthais lena mbaineann an méid seo a leanas: (a) rialaítear iad le dlí Ballstáit agus ligtear a gcuid urrús inaistrithe isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid an Aontais Eorpaigh; (b) is institiúidí creidmheasa iad; (c) is gnóthais árachais iad; nó (d) tá siad ainmnithe ag na Ballstáit mar eintitis leasa phoiblí. Is é an sainmhíniú ar 'ghnóthais mhóra' in Airteagal 3(4) den Treoir Chuntasaíochta gnóthais a sháraíonn, ar a dhátaí a gcláir comhardaithe, dhá cheann ar a laghad de na trí chritéar seo a leanas: (a) iomlán an chláir comhardaithe: EUR 25 000 000; (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000; (c) meánlíon fostaithe le linn na bliana airgeadais: 250.

15 Chomh maith le máthairghnóthais eile ar ghrúpaí móra, ar mhaithe le tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite.

16 Is cuid den tríú babhta freisin iad institiúidí creidmheasa beaga neamhchasta, agus gnóthais árachais agus atháracháis faoi chuing, cé nach bhféadfaidh siad úsáid a bhaint as an rogha bhreise gan bheith páirteach go ceann 2 bhliain ach amháin i gcás inar FBManna liostaithe iad.

17 De réir Airteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta, arna leasú le TTCI, ní mór do ghnóthas nach bhfuil bunaithe san Aontas faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú ar leibhéal an ghrúpa a) i gcás ina ngineann sé os cionn EUR 150 milliún san Aontas agus b) i gcás ina bhfuil fochuideachta aige san Aontas atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a tugadh isteach le TTCI nó i gcás ina bhfuil brainse AE aige a ghin os cionn EUR 40 milliún. Sa chás sin, is ar an bhfochuideachta AE nó ar an mbrainse AE atá an oibleagáid dhlíthiúil an tuarascáil a fhoilsiú.

18 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe

agus de Threoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorparáideach’ nó ‘TDCCI’ a leasú[19]. I gcás TTCI, áirítear leis na leasuithe atá beartaithe gan na ceanglais tuairiscithe a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le gnóthais mhóra ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí, rud a laghdódh an líon gnóthas atá faoi réir na gceanglas faoi thart ar 80 %.

An tráth céanna, thug an Coimisiún gealltanas gníomh tarmligthe a ghlacadh lena ndéanfar an chéad sraith de ESRSanna a athbhreithniú agus a shimpliú. Leis an athbhreithniú sin, i measc nithe eile, laghdófar go mór an líon pointí sonraí atá le tuairisciú, soláthrófar treoracha níos soiléire faoin dóigh le prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm, agus simpleofar struchtúr agus cur i láthair ESRS. Tá sé d’aidhm ag an gCoimisiún an gníomh tarmligthe riachtanach a ghlacadh a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na treorach lena leasaítear TTCI.

Áiríodh sa togra ‘omnibus’ freisin togra reachtach ar leithligh lena gcuirtear siar ar feadh 2 bhliain an dáta faoina bhfuil na Ballstáit leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun go gcomhlíonfaidh gnóthais bhabhta a dó agus gnóthais bhabhta a trí ceanglais tuairiscithe TTCI (an togra i ndáil le sásra stadta an chloig, mar a thugtar air)[20]. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra reachtach sin gan modhnuithe móra agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Aibreán 2025[21].

Leis an togra i ndáil le sásra stadta an chloig, mar a glacadh é, ní chuirtear siar na ceanglais tuairiscithe le haghaidh ghnóthais bhabhta a haon. Ceanglaítear ar na gnóthais sin fós faisnéis maidir leis an mbliain airgeadais 2024 a thuairisciú in 2025. De réir an togra ón gCoimisiún chun TTCI a leasú, ní bheadh cuid de ghnóthais bhabhta a haon faoi réir na gceanglas tuairiscithe a thuilleadh amach anseo. Leis an togra i ndáil le sásra stadta an chloig, mar a glacadh é, ní chuirtear na ceanglais tuairiscithe le haghaidh na ngnóthas sin siar. Sa chomhthéacs nua sin, cruthaítear dhá fhadhb leis na forálacha céimnithe isteach atá san ESRS atá ann cheana. Ar an gcéad dul síos, gnóthais bhabhta a haon nach mbeadh faoi réir na gceanglas tuairiscithe a thuilleadh de réir an togra ón gCoimisiún, beidh orthu, mar sin féin, faisnéis bhreise a thuairisciú ar dtús le haghaidh na mblianta airgeadais 2025 agus 2026. Ní mheastar go bhfuil sé réasúnta ceangal a chur ar ghnóthais faisnéis bhreise a thuairisciú nuair atá ionchas réalaíoch ann nach mbeidh orthu aon fhaisnéis a thuairisciú ina dhiaidh sin. Ar an dara dul síos, beidh ar ghnóthas bhabhta a haon na ceanglais tuairiscithe bhreise a chomhlíonadh le haghaidh na mblianta airgeadais 2025 agus 2026, cé go bhféadfadh ESRS athbhreithnithe agus simplithe na ceanglais chéanna sin a mhodhnú ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, is féidir a mheas go bhfuil sé contrártha don riachtanas laghdaithe ualaigh nach féidir le gnóthais bhabhta a haon ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí tairbhiú de na forálacha céimnithe isteach céanna le gnóthais bhabhta a haon eile, go háirithe i gcás na

maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach (COM(2025) 81 final).

19 Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

20 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm (COM(2025) 80 final).

21 Treoir (AE) 2025/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm (IO L, 2025/794, 16.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/794/oj).

gceanglas sin maidir le nochtadh in ESRS is dúshlánaí do ghnóthais. Tagraíonn sé sin go háirithe do na ceanglais a bhfuil feidhm ag an bhforáil chomhfhreagrach maidir le céimniú isteach le haghaidh gnóthais ag a bhfuil suas le 750 fostaí ina leith ar feadh 2 bhliain seachas bliain amháin, is é sin le rá na caighdeáin thopaicshonracha ESRS E4 (bithéagsúlacht agus éiceachórais), ESRS S2 (oibrithe sa slabhra luacha), ESRS S3 (pobail dá ndéantar difear) agus ESRS S4 (tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh).

Is iad seo a leanas na modhanna is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin:

(a) gan ceangal a chur ar aon ghnóthas bhabhta a haon faisnéis bhreise a nochtadh sa dara bliain nó sa tríú bliain de ESRS a chur i bhfeidhm thar an méid a bhí le nochtadh aige sa chéad bhliain; agus

(b) na forálacha céimnithe isteach sin a bhfuil feidhm acu faoi láthair ar feadh 2 bhliain maidir le gnóthais ag a bhfuil suas le 750 fostaí, na forálacha sin a leathnú chun gnóthais bhabhta a haon ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí a chumhdach.

Dá bhrí sin, leis an togra seo le haghaidh gníomh tarmligthe, cuirtear siar ar feadh 2 bhliain na ceanglais tuairiscithe bhreise a bheadh ar ghnóthas bhabhta a haon a chomhlíonadh le haghaidh na mblianta airgeadais 2025 agus 2026 murach sin, agus leathnaítear chun gnóthais bhabhta a haon uile a chumhdach na forálacha céimnithe isteach maidir le ESRS E4 (bithéagsúlacht agus éiceachórais), ESRS S2 (oibrithe sa slabhra luacha), ESRS S3 (pobail dá ndéantar difear) agus ESRS S4 (tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh), ar forálacha iad nach bhfuil feidhm acu faoi láthair ach amháin maidir le gnóthais bhabhta a haon ag a bhfuil suas le 750 fostaí. Leis an togra, leathnaítear an fhoráil choimirce freisin chun gnóthais bhabhta a haon uile a chumhdach, ar foráil í lena bhforáiltear, i gcás ina n-úsáideann gnóthas na díolúintí sealadacha sin le haghaidh caighdeán topaicshonrach iomlán, nach mór dó, mar sin féin, faisnéis achoimrithe áirithe maidir leis an topaic lena mbaineann a thuairisciú más rud é gur tháinig an gnóthas ar an gconclúid go bhfuil an topaic atá i gceist ábhartha.

Faoin am a bheidh ar ghnóthais tuairisciú a dhéanamh le haghaidh na bliana airgeadais 2027, tá coinne leis go mbeidh an t-athbhreithniú agus an simpliú foriomlán ar ESRS curtha i gcrích, agus go mbeidh an Treoir lena leasaítear TTCI, lena n-áirítear na forálacha lena leagtar amach cé na gnóthais atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe, tagtha i bhfeidhm.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 30 Bealtaine 2025, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le dréachtleagan den ghníomh tarmligthe seo le linn cruinniú comhpháirteach de Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát um Maoiniú Inbhuanaithe agus den Choiste Rialála Cuntasaíochta[22]. Formhór na mBallstát a chuir tuairim in iúl, mhol siad don Choimisiún gan ceangal a chur ar aon ghnóthas bhabhta a haon faisnéis bhreise a nochtadh sa dara bliain nó sa tríú bliain de ESRS a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh ar na forálacha céimnithe isteach nach bhfuil feidhm acu faoi láthair ach amháin maidir le gnóthais ag a bhfuil suas le 750 fostaí, na forálacha sin a leathnú chun gnóthais bhabhta a haon uile a chumhdach.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

Leasaítear leis Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 maidir leis an gcéad sraith de ESRSanna mar a leanas:

[22] Mar a cheanglaítear le hAirteagal 49(3b), an ceathrú fomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

(a) cuirtear é in ionad Fhoscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 chun ligean do ghnóthais a gceanglaítear orthu tuairisciú ar inbhuanaitheacht ón mbliain airgeadais 2024 ('gnóthais bhabhta a haon' mar a thugtar orthu) gan an fhaisnéis inbhuanaitheachta seo a leanas a thuairisciú go dtí an bhliain airgeadais 2027 (seachas go dtí an bhliain airgeadais 2025 nó 2026):

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS 2 SBM-3 mír 48(e) (éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo);

– na pointí sonraí maidir le hastaíochtaí scóip 3 agus iomlán na n-astaíochtaí GCT, le haghaidh gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme);

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS E1-9;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS E2-6;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS E3-5;

– an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS E4;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS E5-6;

– an fhaisnéis a shonraítear sna ceanglais maidir le nochtadh in ESRS S1, le haghaidh gnóthais nó grúpaí nach sáraíonn ar a ndátaí dúnta cuntais an meánlíon 750 fostaí le linn na bliana airgeadais (ar bhonn comhdhlúite i gcás inarb infheidhme);

– na pointí sonraí uile in ESRS S1-7;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-8;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-11;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-12;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-13;

– na pointí sonraí maidir le cásanna drochshláinte a bhaineann leis an obair agus maidir leis an líon laethanta a cailleadh de dheasca gortuithe, timpistí, básanna agus drochshláinte a bhaineann leis an obair in ESRS S-14;

– an fhaisnéis a bhaineann le hoibrithe neamhfhostaithe in ESRS S-14;

– an fhaisnéis arna forordú le ESRS S1-15;

– gach ceanglas maidir le nochtadh in ESRS S2;

– gach ceanglas maidir le nochtadh in ESRS S3;

– gach ceanglas maidir le nochtadh in ESRS S4;

(b) leis an ngníomh leasaítear ESRS 2, roinn 17, chun a cheangal ar gach gnóthas nó grúpa a úsáideann na díolúintí sealadacha le haghaidh caighdeán topaicshonrach iomlán i gcomhréir le Foscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1, lena n-áirítear gnóthais nó grúpaí bhabhta a haon ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí, faisnéis achoimrithe áirithe maidir leis an topaic lena mbaineann a thuairisciú más rud é gur tháinig an gnóthas nó an grúpa ar an gconclúid go bhfuil an topaic atá i gceist ábhartha.

Ba cheart feidhm a bheith ag an ngníomh tarmligthe leasaitheach seo maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.7.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle[23], agus go háirithe Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], leasaíodh Treoir 2013/34/AE chun ceanglais bhreise áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a thabhairt isteach sa Treoir sin.

(2) Le Foscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún[25], ceadaítear do ghnóthais áirithe faisnéis inbhuanaitheachta áirithe a fhágáil ar lár óna dtuairisciú le haghaidh na chéad bhliana, nó blianta, d'ullmhú a ráitis inbhuanaitheachta.

(3) An 26 Feabhra 2025, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach ('an Pacáiste Simpliúcháin Omnibus')[26], ina moltar, *inter alia*, roinnt leasuithe ar na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/2464. Go háirithe, molann an Coimisiún an líon gnóthas a laghdú atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta. De réir an togra ón gCoimisiún, ní bheadh ach gnóthais mhóra ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí fós faoi

[23] IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj.

[24] Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

[25] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

[26] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach, 26.2.2025 COM (2025) 81 final.

réir an cheanglais faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Mar chuid den Phacáiste Simpliúcháin Omnibus sin, mhol an Coimisiún freisin Airteagal 5 de Threoir (AE) 2022/2464 a leasú chun na dátaí a chur siar óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais tuairiscithe a chur i bhfeidhm i dtaca leis na gnóthais sin a mbeadh orthu tuairisciú den chéad uair le haghaidh na mblianta airgeadais 2025 agus 2026 (an togra i ndáil le sásra stadta an chloig). Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra sin i ndáil le sásra stadta an chloig gan modhnuithe substaintiúla mar Threoir (AE) 2025/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a tháinig i bhfeidhm an 17 Aibreán 2025[27]. Mar sin féin, ionas nach ndéanfar réamhbhreithiúnas ar thoradh an nós imeachta reachtaigh maidir leis an togra ón gCoimisiún chun na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a leasú, agus go háirithe na forálacha lena leagtar amach cé na gnóthais a bheidh faoi réir na gceanglas tuairiscithe amach anseo, níor cuireadh siar le Treoir (AE) 2025/794 na dátaí óna gcuirfidh na Ballstáit na ceanglais tuairiscithe i bhfeidhm le haghaidh gnóthais atá le tuairisciú den chéad uair i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024.

(4) De bhun an tráthchláir atá ann cheana i bhFoscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772, na gnóthais ar gá dóibh faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú cheana féin i ndáil leis an mbliain airgeadais 2024, beidh siad faoi réir céimniú isteach breise i dtaobh ceanglais tuairiscithe éagsúla i ndáil leis na blianta airgeadais 2025 agus 2026. Thairis sin, ní thairbheoidh gnóthais ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí de na forálacha céimnithe isteach céanna le gnóthais eile atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta. Ní bheadh sé réasúnta a cheangal ar ghnóthais ceanglais tuairiscithe bhreise a chomhlíonadh nuair atá moladh déanta ag an gCoimisiún chun a áirithiú nach mbeidh ar na gnóthais sin aon fhaisnéis a thuairisciú ina dhiaidh sin. Thairis sin, bheadh sé contrártha do chuspóir laghdaithe ualaigh an Phacáiste Simpliúcháin Omnibus cosc a chur ar ghnóthais ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí tairbhiú de na forálacha céimnithe isteach céanna le gnóthais eile atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta, go háirithe i gcás na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta sin is dúshlánaí do ghnóthais, is é sin le rá na caighdeáin thopaicshonracha ESRS E4 (bithéagsúlacht agus éiceachórais), ESRS S2 (oibrithe sa slabhra luacha), ESRS S3 (pobail dá ndéantar difear) agus ESRS S4 (tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh) a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772.

(5) De bhun ESRS 2, mír 17, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772, ní mór do ghnóthas nó do ghrúpa ag a bhfuil suas le 750 fostaí a úsáideann na díolúintí sealadacha i gcomhréir le Foscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 le haghaidh caighdeán topaicshonrach iomlán faisnéis achoimrithe áirithe ar an topaic lena mbaineann a thuairisciú mar sin féin má tháinig an gnóthas nó an grúpa sin ar an gconclúid go bhfuil an topaic atá i gceist ábhartha. Dá mba cheart na díolúintí sealadacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 le haghaidh caighdeán topaicshonrach iomlán a bheith infheidhme freisin ag gnóthais ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí, bheadh sé riachtanach – ar chúiseanna comhsheasmhachta – a cheangal ar aon ghnóthas a úsáideann na díolúintí sealadacha i gcomhréir le Foscríbhinn C a ghabhann le ESRS, a cheangal orthu ESRS 2, mír 17, a chur i

[27] Treoir (AE) 2025/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm (IO L, 2025/794, 16.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/794/oj).

bhfeidhm, lena n-áirítear na gnóthais nó na grúpaí ag a bhfuil níos mó ná 750 fostaí agus atá le tuairisciú ón mbliain airgeadais 2024.

(6) Is gá, dá bhrí sin, an tráthchlár céimnithe isteach i bhFoscríbhinn C a ghabhann le ESRS 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a oiriúnú, agus mír 17 de ESRS 2 den Rialachán Tarmligthe sin a leasú, dá réir sin.

(7) Chun go gcuirfear ar a gcumas do na gnóthais lena mbaineann tairbhiú den oiriúnú sin a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) An 30 Aibreán 2025, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe seo le linn cruinniú comhpháirteach de Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát um Maoiniú Inbhuanaithe agus den Choiste Rialála Cuntasaíochta, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 49(3b), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*